

☘ An Lúibín ☘

16 Meitheamh 2021

Súil siar

For those born yesterday: an American student of Irish, 1968.

In 1968 bhuaill an clár Gaeilge 'Féach' le seisear mac léinn ó Mheiriceá a bhí ag foghlaim Gaeilge i gContae Chorcaí. Orthu sin bhí Maya Tsuji ó San Francisco. I Mí Aibreán in 1969 bhuaill an t-iriseoir Breandán Ó hEithir le Maya arís agus í ina cónaí ar an gCeathrú Rua.

<https://www.rte.ie/archives/2016/0301/771828-learning-irish-in-carraro/>



An Ghaeilge, an copar agus rainseoirí sna Stáit

The study of Irish speakers in America has had a north-eastern bias; but they were to be found everywhere, including the mines of Montana and the ranches of New Mexico. It has even been suggested that the outlaw Billy the Kid spoke Irish.

In Leadville in Colorado, áit a mbíodh tochailt mhór airgid ar siúl agus baint aici le limistéar iartharach na mianach sa 19ú haois, tá a lán uaigneanna bochtán sa reilig Chaitliceach. Bhí comharthaí adhmaid ar na huaigheanna go léir, cé gur beag díobh atá fanta ann. Cuireadh a lán mianadóirí Éireannacha ann arbh as na hAilichí i mBéarra dóibh. Mná agus fir, iad óg go leor, agus mórán páistí. Bhí an tochailt contúirteach; thiteadh na tonnain anuas, agus bhí teas uafásach le fulaingt faoi thalamh; ach sa gheimhreadh thuas rachadh an fuacht go smior ionat. Is iomaí duine, idir óg agus aosta, ar leag an calar iad.

Sna huaigheanna sin feicimid cuid de scaipeadh mór na nÉireannach, agus scaipeadh mór na Gaeilge go háirithe. Mar a deir an taighdeoir agus staraí William H. Mulligan, ní ceart á n-aird a dhíriú ar oirthuaisceart na tíre amháin.

Tá iomrá ar leith le Butte in Montana mar láthair mhianadóireachta. Éireannach a bhí réim ann: Marcus Daly ó Chontae an Chabháin, fear a bhuaigh 'War of the Copper Kings' agus a bhí smacht aige ar an mianadóireacht chopair in Butte ó 1875 go dtí 1900, bliain a bháis. Tháinig a lán mianadóirí ó Bhéarra in iardheisceart Chontae Chorcaí, áit a raibh na mianaigh chopair ag éirí neamhthorthúil. Tháinig mianadóirí Éireannacha eile ó mhianaigh iarainn agus chopair in Michigan, ceantair a d'oscail sna 1840idí agus a raibh mianadóirí ó Bhéarra, ó Chontae Phort Láirge agus ó Chontae Thiobraid Árann ann ó thús.

Na mianadóirí ba thúisce a tháinig ann d'éascair a bhformhór ó mhianaigh bheaga chopair, luaidhe agus eile i dTiobraid Árann. D'fhág siad Éire idir 1820 agus na 1840idí luatha agus chuaigh ag obair i mianaigh luaidhe in Illinois agus in Wisconsin, agus i Michigan ina dhiaidh sin.

Tamall ina dhiaidh tháinig dream eile. Tháinig a bhformhór mór ó Bhéarra, áit a raibh na mianaigh chopair ba mhó in Éirinn, cé go raibh na mianaigh sin á n-ídiú ag an am. Bhí mianadóirí eile ina measc a tháinig ó mhianaigh Chnocán Machan i bPort Láirge. Na mianadóirí ó Thiobraid Árann b'as tuaisceart an chontae sin dóibh, áit a raibh an Béarla níos láidre ná sa deisceart. Bhí mianaigh le fáil sa Aonach, sa Leaca Mhor agus sa Cheapach, agus taispeánann daonáireamh 1851 cá mhéad cainteoir Gaeilge a bhí sna barúntachtaí ina bhfuil na háiteanna úd suite. In Urmhumhain Íochtair (an tAonach) ní raibh Gaeilge ach ag 0.7% den phobal, in Uaithne agus Ara (an Leaca Mhór) 5%, i Sliabh Ardach (an Cheapach) 11%. Is dócha go raibh na céatadain seo níos airde i ndáiríre, ach iad íseal mar sin féin. Ní foláir a chuimhneamh, áfach, go mbeadh i bhfad níos mó Gaeilge á labhairt ann roimh 1840. Is beag Béarla a bhí ag muintir Bhéara agus Phort Láirge.



Mianach Anselmo in Butte: d'oscail sé in 1887.
Wikimedia Commons

Tá litir ann a scríobh Frederic Baraga, easpag dheoise an Cheantair Chopair, chun an *Wahrheitsfreund*, nuachtán Gearmáinise in Cincinnati, in 1860. Deir sé go raibh os cionn 6,000 duine sa cheantar agus an tríú cuid acu ina gCaitlicigh. Ba é an tAthair Jacker an sagart áitiúil, fear a raibh ceithre theanga aige cheana agus fonn air Gaeilge a fhoghlaim toisc go raibh an oiread sin Éireannach ann nach raibh aon teanga eile acu. Deir an t-easpag: 'I procured him a Celtic grammar in New York'. Tá fianaise eile ann i dtaobh úsáid na teanga san iarthar. Tháinig a lán teaghlach as Béarra le chéile i dtús na 1870idí i lonnaithe darbh ainm O'Neill in Nebraska. Rugadh Margaret McGreevy ann sna 1890idí; ba chuimhin léi a Daideo agus a chairde a bheith ag bailiú le chéile, iad ag labhairt Gaeilge 'and they were always surrounded by interested listeners'.¹ In 1881 foilsíodh alt sa Portage Lake Mining Gazette (agus roimhe sin sa New York Tribune) faoi Shéamas Ó Síocháin. B'as Baile Chaisleáin Bhéarra dó, is dócha. Bhí sé ag obair sna mianaigh ar feadh breis is bliain agus é ag cur airgid abhaile chun a theaghlach in Éirinn Chuaigh sé chun Nua-Eabhraic chun a shocrú go dtiocfadh a chúram anall chuige. Bhí sé ar an trá fholamh faoin am sin agus bhí air déirc a iarraidh, ach b'éigean dó é a dhéanamh le cúnaimh ateangaire agus é gan focal Béarla.

Mar a deir Mulligan, is minic a mhaítear go raibh an buntáiste ag na hÉireannaigh ar an gcuid ba mhó de na hinimircigh eile toisc go raibh Béarla acu, ach ní mór an tuairim sin a athscrúdú agus an oiread sin cainteoirí Gaeilge ann. Sa tréimhse ba luaithe bhí na mianadóirí ag obair ina bhfoirne eitneacha, Coirnigh, Gearmánaigh agus Éireannaigh, agus b'fhurasta dóibh siúd gan ach Gaeilge a labhairt. De réir mar a chuaigh na mianaigh i ndoimhne tháinig na comhlachtaí móra isteach, agus b'fhearr le ceannairí Meiriceánacha na gcomhlachtaí sin gan Chaitlicigh ó Éirinn a fhostú. Thug na hÉireannaigh a n-aghaidh siar dá bharr ar Butte agus ar áiteanna eile.

Tá eolas againn ar úsáid na Gaeilge in áit eile ar fad, a bhuíochas sin ar Curt Usmar, saineolaí ar stair an 'Old West': Meicsiceo Nua, stát a bhfuil idir Spáinnis agus Bhéarla le cloisteáil. In 1954 fuarthas fianaise ó Clark Hust, buachaill bó a bhíodh ag obair do Pat Coghlan (Pádraig Ó Cochláin), rainseoir in Tularosa, Meicsiceo Nua. Rugadh an Cochlánach in Éirinn in 1822 (i gContae Chorcaí, is dócha) agus chuaigh go Nua-Eabhraic nuair a bhí sé sé bliana is fiche; bhain sé Meicsiceo Nua amach in 1872. Bhí sé féin agus a bhean chéile gan chlann, ach bhí neacht ag fanacht acu in ionad iníne. B'in Máire, cailín ó Éirinn agus í gan Bhéarla, agus labhraíodh sí Gaeilge lena huncail agus lena haintín.

Tháinig Usmar trasna ar thagairt i nuachtán do chuairt a thug na Cochlánaigh agus a neacht ar Mesilla, baile mór i Meicsiceo Nua. Chuaigh an Mháire seo ar ais go hÉirinn, agus nuair a fuair an Cochlánach bás in 1911 d'fhág sé a raibh fágtha den rainse ag a nia agus ag a dhá neacht, duine in Éirinn agus duine in Albain. Bhí Máire orthu beirt, agus caithfidh sé gur dhuine acu an cailín úd a bhí i Meicsiceo Nua aige.

Dúirt Hust rud eile nach mbeadh súil agat leis: bhí an meirleach Billy the Kid (Henry McCarty) ag obair don Chochlánach tráth agus ina ateangaire ag Máire na Gaeilge.

¹ Holt County Historical Society, Meitheamh 1973. Luaite in Mulligan.



Eaglais Naomh Proinsias ó Paola in Tularosa
Wikimedia Commons

Rugadh Henry McCarty in Nua-Eabhrac in 1859 do bheirt Éireannach, Catherine Devine agus Patrick McCarty; tar éis bhás Patrick phós Catherine William Antrim in Meicsiceo Nua. Fuair Catherine bás den eitinn in 1874. Tamall ina dhiaidh sin thosaigh Henry óg ag tabhairt William (Billy) Bonneville air féin. Bhí sé fiáin, é ciontach i ngadaíocht agus ansin i roinnt daoine a dhúnmharú, cé gur dócha gur gríosáíodh chuige é uaireanta chun é féin a chosaint. É ar a choimeád nuair a maraíodh é. Bhíodh sé ag obair mar bhuachaill bó i Meicsiceo Nua, agus seans gur thug sé seal ar rainse an Chochlánaigh. Roinnt Spáinnise ar a laghad aige, agus caolseans go raibh roinnt Gaeilge aige.

Tagairtí:

William H. Mulligan, Jr., 'What We Know About the Irish in the United States: Reflections on the Historical Literature of the Last Twenty Years': *Revistas* (<https://www.revistas.usp.br>)

Garret FitzGerald, "Irish-Speaking in the Pre-Famine Period: A Study Based on the 1911 Census data for People Born before 1851 and still alive in 1911," *Proceedings of the Royal Irish Academy* 103C, no. 5 (2003), 191-283; agus FitzGerald, "Estimates of Baronies of Minimum Level of Irish-Speaking amongst successive decennial cohorts: 1771-1781 to 1861-1871," *Proceedings of the Royal Irish Academy* 84C, no. 3, (1984), 117-155

Book of County Tipperary, 1889: Tipperary Manufactures, Coal Fields, Silver and Copper Mines, Slate Quarries, Limestone and Sandstone: <https://www.libraryireland.com/genealogy/bassett/tipperary/tipperary-manufactures.php>

Chuck Usmar, 'Billy the Irish: Was Henry McCarty, alias Billy the Kid, fluent in the Irish language?' 28 Aibreán 2015: <https://truwestmagazine.com/was-billy-the-kid-irish/>



An Timpeallacht

Accumulating heat, but a chance of salvation.

Tá sé fógartha ag Riarachán Náisiúnta na nAigéan agus an Atmaisféir (RNAA) i Meiriceá gur an méid dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar tar éis 419 páirt sa mhíliún a shroicheadh, an leibhéal is airde in os cionn ceithre mhíliún bliain. Tá astúcháin ag méadú arís agus an geilleagar domhanda ag éirí níos láidre, ach níor éirigh linn srian a chur le borradh na ngás ceaptha teasa. Tá os cionn 40 billiún tonna méadrach de dhé-ocsaíd charbóin á chur leis an atmaisféar gach bliain.

Fanann dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar leis na céadta bliain. An borradh a tháinig fúithi le céad bliain anuas is bearta daonna ba chionsiocair leis, go mór mór dó an bhreosla iontaise. Tá fianaise ann go bhfuil anfaí, tuille, teaspach agus tinte ag géarú dá bharr ar fud an domhain.

Bailíonn RNAA agus Institiúid Scripps na hAigéaneolaíochta sonraí atmaisféaracha i réadlann ar bharr bhólcán Mauna Loa i Haváí. Deir an Dr Pieter Tans ó RNAA gur féidir linn cosc a chur ar astúcháin anois. Tá fuinneamh gréine agus gaoithe níos saoire ná breosla iontaise agus is féidir an fuinneamh úd a chur i bhfeidhm ar scála domhanda.

Tá méadú ag teacht ar an imirce éigeantach ar fud an domhain agus baint ag an téamh domhanda leis. Leanann an imirce triomach, gorta, dianchoimhlint agus cogadh. Tá os cionn ochtó milliún duine easáitithe ann, agus tá géarú ag teacht ar an doicheall rompu – campaí géibhinn, cosc ar athlonnú. Thairis sin de, dealraíonn sé gur ar dhaoine gan dídean bhuan is déine a théann tubaistí nádúrtha i bhfeidhm. Is minic a chuireann inimircigh

bhochta agus teifigh fúthu in áiteanna sceirdiúla, agus is minic nach ligeann an rialtas dóibh cur fúthu in aon áit eile. Tógann siad botháin i gcumar nó ar mhala cnoic, botháin a ndéantar léircíní díobh i rith mórstoirme.

Tá an dochar le mothú cheana san Aigéan Ciúin: oileán á slogadh de réir a chéile, seanreiligí á mbá, fíoruisce á mhilleadh ag an saíle.

Ní dócha go n-éireoidh linn srian a chur leis an téamh sa ghearrthréimhse. Rachaidh sé rite linn an téamh breise a choinneáil faoi bhun 1.5 céim. Is iad na tíortha is fearr a thiocfaidh as na tíortha úd a bhaineann seasmhacht pholaitiúil agus shóisialta leo agus a bhfuil móracmhainní eolaíochta agus teicneolaíochta acu – an Astráil, mar shampla. An tSín freisin, b'fhéidir, cé nach tír dhaonlathach í. Nuair a rachaidh an scéal go cnámh na huillinne, feicimid cén mhaith atá gheilleagar ceannais.

Féach:

Eric McDaniel, 'Carbon Dioxide, Which Drives Climate Change, Reaches Highest Level In 4 Million Years,' 7/6/21, NPR: https://www.npr.org/2021/06/07/1004097672/atmospheric-carbon-dioxide-fueling-climate-change-hits-a-four-million-year-high?utm_source=InsideClimate+News&utm_campaign=bc5155c72a-&utm_medium=email&utm_term=0_29c928ffb5-bc5155c72a-328553180

Cristina Baussan, Leticia Duarte, Ottavia Spaggiari, agus Sarah Stillman, 'When Climate Change and Xenophobia Collide: During a hurricane, migrants in the Bahamas were told that they could seek shelter without fear. More than a thousand were deported, reflecting a global trend,' *The New Yorker*, 16/2/21: <https://www.newyorker.com/news/dispatch/when-climate-change-and-xenophobia-collide>.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta

Dánta le Julie Breathnach-Banwait, file a tógadh i gCeantar na nOileán i gConamara agus atá ina cónaí anois san Astráil Thiar. D'fhoilsigh Coiscéim Dánta Póca in 2020. Scriobhann sí ina gcanúint féin.

Aimhrialtacht

Tá sí crua le sroichint mar réaltra i bhfad ó dhuine.

Ábhar pléascadh
a leanann
mar thintre fiáine
i rúndiamhar an dorchadais.

Píosaí nua

Da ndéanfá cuardach orm anois
Ba bocht toradh do sheilge
Is fiosracht do cheistiú
Mar go bhfuil coirnéil casta
Is ceisteanna cíortha
Lúbanna cúnga leáite
Tá an t-eolas ite
Is an phian ólta
Is níl codán gan aithne.

Dánta le Colin Ryan (Melbourne). D'fhoilsigh Coiscéim Corraí na Nathrach in 2017.

Traein oíche

Traein lán de strainséirí
i gcríocha an tsuain
(na strainséirí céanna
oíche i ndiaidh oíche)
ag imeacht faoi na droichid
thar stáisiúin thaibhsiúla
agus aghaidh i lár na tána
ag múscailt ionat cuimhne
ar an ngliondar, cuimhne
nach seasfaidh ionat
tar éis an taibhrimh

Uacht

Ní fhágfaidh mé agat ach focail
lán de bhrí nach mairfidh b'fhéidir
focail ghreanta a d'fhéadfadh
gaoth shuthain na cruinne
a scaipeadh is a mhilleadh;
murach sin ní bheidh agat
ach luaith mo choirp is seangheansaí
is bróga atá caite ag cosáin mo shaoil
ach b'fhearr liom focail a fhágáil agat
focail a fhágáil ionat